Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16721/24**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0373(COD)**

**ENV 1202**
**MI 1020**
**IND 553**
**CONSOM 353**
**COMPET 1202**
**MARE 27**
**PECHE 517**
**RECH 543**
**SAN 705**
**ENT 225**
**ECOFIN 1485**
**TRANS 544**
**CODEC 2303**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16239/1/24 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14248/23 + ADD 1 - COM(2023) 645 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú<br>– Cur chuige ginearálta<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón Eastóin**

**Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú (dá ngairtear 'an Rialachán' feasta).**

Tacaíonn an Eastóin le haidhm fhoriomlán an Rialacháin, is é sin, caillteanas millíní plaisteacha sa chomhshaol a chosc agus éiceachórais agus sláinte an duine a chosaint. Measaimid, áfach, gur gá an t-ábhar imní seo a leanas a chur in iúl.

Ní thacaíonn an Eastóin i bprionsabal le rialacha earnáilsonracha maidir leis an dlí sibhialta a thabhairt isteach i reachtaíocht mhargadh inmheánach an Aontais ós rud é go gcruthaíonn na difríochtaí sin castacht mhíchuí sa chóras dlí agus go bhféadfadh siad staid a chruthú ina gcaitear le daoine, lena n-áirítear daoine díobhálaithe nó gnólachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha éagsúla, ar bhealach éagsúil, rud a d'fhéadfadh fadhbanna a chruthú maidir le prionsabal na córa comhionainne a léirítear inár mBunreacht. Tá feidhm aige sin maidir leis na rialacha dá bhforáiltear sa Rialachán maidir leis na tréimhsí teorann d'éilimh i leith damáiste don tsláinte, arbh iad sáruithe ar an Rialachán ba chúis leo.

Cé go luaitear sa téacs atá ann faoi láthair go bhféadfaidh na Ballstáit tréimhsí teorann a bhunú do na héilimh sin ar chúiteamh, déantar foráil ann fós maidir leis na rialacha sonracha sainordaitheacha i ndáil le túsphointe na tréimhse teorann. Ciallaíonn sé sin gurb éagsúil é an tréimhse theorann maidir le héileamh ar dhamáiste don tsláinte a thagann aníos de bharr sárú ar an Rialachán leis an tréimhse theorann maidir le héilimh eile i ndáil le damáiste don tsláinte, a bhforáiltear tréimhse theorann aonfhoirmeach ina leith faoi dhlí na hEastóine, agus é á chur san áireamh nár cheart caitheamh le híospartaigh ar bhealach éagsúil ag brath ar an ngníomh éagórach ba chúis leis an damáiste don tsláinte.

Dá bhrí sin, mholfadh an Eastóin na hargóintí thuasluaite a mheas le linn na gcéimeanna caibidlíochta atá ar na bacáin.